BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

18 Meitheamh 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 33(2)(a) – Ní féidir le húdaráis Ballstáit amháin diúltú d'iarratas ar thearmann toisc é a bheith do-ghlactha toisc stádas dídeanaí a bheith deonaithe roimh ré i mBallstát eile – Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An baol go gcuirfí íde mhídhaonna nó tháireach air sa Bhallstát eile sin – Scrúdú ag na húdaráis sin ar an iarratas sin ar thearmann in ainneoin stádas dídeanaí a bheith deonaithe sa Bhallstát eile sin – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 4 – Scrúdú aonair)

I gCás C-753/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ghearmáin), trí bhreith an 7 Meán Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 12 Nollaig 2022, sna himeachtaí idir

QY

v

Bundesrepublik Deutschland,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, K. Jürimäe (Rapóirtéir), E. Regan, T. von Danwitz, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomra, M. Ilešič, J.C. Bonichot, S. Rodin, I. Jarukaitis, A. Kumin, M. L. Arastey Sahún agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: K. Hötzel, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 26 Meán Fómhair 2023,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– QY, ag S. Kellmann, Rechtsanwalt,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller, A. Hoesch agus R. Kanitz, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Beilge, ag M. Jacobs, A. Van Baelen agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Seice, ag A. Edelmannová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Éire, ag M. Browne, Príomh-Aturnae Stáit, A. Joyce agus D. O'Reilly, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó A. McMahon, BL,

– Rialtas na Gréige, ag G. Karipsiadis agus T. Papadopoulou, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard, O. Duprat-Mazaré, B. Fodda agus J. Illouz, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó W. Ferrante, avvocato dello Stato,

– Rialtas Lucsamburg, ag A. Germeaux, J. Reckinger agus T. Schell, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag K. Bulterman agus H.S. Gijzen, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch, J. Schmoll agus M. Kopetzki, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Azéma, J. Hottiaux agus H. Leupold, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 25 Eanáir 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar an dara habairt d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31), an dara habairt d'Airteagal 4(1) agus Airteagal 13 de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear (IO 2011 L 337, lch. 9), agus i dtaca le hAirteagal 10(2) agus (3) agus Airteagal 33(1) agus (2)(a) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir QY, náisiúnach Siriach ar deonaíodh stádas dídeanaí dó sa Ghréig, agus Bundesrepublik Deutschland (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine), arna ionadú ag an Bundesamt für Migration und Flüchtlinge (an Oifig Cónaidhme um Imirce agus Dídeanaithe, an Ghearmáin) ('an Oifig Cónaidhme'), maidir le cinneadh na hOifige Cónaidhme diúltú d'iarratas QY ar stádas dídeanaí.

An creat dlíthiúil

Dlí an Aontais Eorpaigh:

Rialachán Uimh. 604/2013

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 6 sa bhrollach a ghabhann le Rialachán Uimh. 604/2013:

‘Táthar tar éis an chéad chéim a chur i gcrích trí [Chomhchóras Eorpach Tearmainn] a chríochnú, ar céim í ar cheart nós imeachta comhchoiteann agus stádas aonfhoirmeach, a bheidh bailí ar fud an Aontais Eorpaigh, dóibh siúd dá dtabharfar cosaint idirnáisiúnta a bheith mar thoradh uirthi. […]’

4 In Airteagal 1 den Rialachán sin, sainmhínítear ábhar an Rialacháin sin mar seo a leanas:

‘Bunaítear leis an Rialachán seo na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (“an Ballstát atá freagrach” anseo feasta).’

5 Foráiltear le hAirteagal 3(1) den Rialachán sin:

‘Déanfaidh na Ballstáit scrúdú ar aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a dhéanann an t-iarratas ar chríoch aon Bhallstáit acu, lena n-áirítear ag an teorainn nó sna limistéir idirthurais. Déanfaidh Ballstát amháin scrúdú ar an iarratas, ar Ballstát é a thabharfar le fios sna critéir a leagtar amach i gCaibidil III go mbeidh sé freagrach.’

Treoir 2011/95

6 Is mar seo a leanas a léitear aithrisí 7 agus 9 go 13 de Threoir 2011/95:

‘(7) Tá an chéad chéim de Chomhchóras Eorpach Tearmainn a chruthú tugtha chun críche anois. […]

[…]

(9) I gClár Stócólm, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an athuair a thiomanta atá sí don chuspóir limistéar comhchoiteann a bhunú ina dtairgfear cosaint agus dlúthpháirtíocht, bunaithe ar nós imeachta comhchoiteann tearmainn agus ar stádas aonfhoirmeach, i gcomhréir le hAirteagal 78 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dóibh siúd a dtugtar cosaint idirnáisiúnta dóibh, faoin 2012 ar a dhéanaí.

(10) I bhfianaise thorthaí na meastóireachtaí a rinneadh, is iomchuí, ag an gcéim seo, na prionsabail a dhaingniú ar dá réir atá údar le Treoir 2004/83/CE [ón gComhairle, an 29 Aibreán 2004 maidir le caighdeáin íosta do cháiliú agus do stádas náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar dhídeanaithe nó mar dhaoine a mbeadh cosaint idirnáisiúnta ar dhóigh eile de dhíth orthu agus maidir le hinneachar na cosanta a thugtar (IO 2004 L 304, lch. 12)] agus féachaint leis na rialacha maidir le haithint ábhar na cosanta idirnáisiúnta a chomhfhogasú tuilleadh ar bhonn caighdeán níos airde.

(11) Ba cheart leas a bhaint as acmhainní an Chiste Eorpaigh um Dhídeanaithe agus na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (EASO) chun tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí na caighdeáin a leagadh síos le linn an dara céim den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme, go háirithe na Ballstáit sin a bhfuil brú sonrach díréireach ar a gcórais tearmainn, go háirithe mar gheall ar a staid gheografach nó dhéimeagrafach.

(12) Is é príomhchuspóir na Treorach seo, ar thaobh amháin, a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit critéir chomhchoiteanna i bhfeidhm chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i ndáiríre a shainaithint, agus, ar an taobh eile, a áirithiú go mbeidh íosleibhéal sochar ar fáil do na daoine sin i ngach Ballstát.

(13) Le comhfhogasú na rialacha maidir le stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach a aithint agus maidir lena bhfuil iontu, ba cheart rannchuidiú le srian a chur le gluaiseacht thánaisteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta idir na Ballstáit, i gcás inarb iad difríochtaí i gcreataí dlíthiúla na mBallstát is cúis leis an ngluaiseacht sin agus na difríochtaí sin amháin.'

7 Sainmhínítear cuspóir na Treorach sin in Airteagal 1 de Threoir 2011/95 mar seo a leanas:

'Is é cuspóir na Treorach seo caighdeáin a leagan síos maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus maidir lena bhfuil sa chosaint a thugtar.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Caighdeáin níos fabhraí':

'Féadfaidh na Ballstáit caighdeáin níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil chun a chinneadh cé atá cáilithe mar dhídeanaí nó mar dhuine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus chun inneachar na cosanta idirnáisiúnta a chinneadh, a mhéid atá na caighdeáin sin ag luí leis an Treoir seo.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Áirítear Airteagail 4 go 8 de i gCaibidil II den Treoir sin, dar teideal 'Measúnú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta'. Foráiltear le hAirteagal 4 den Treoir sin, dar teideal 'Measúnú ar fhíorais agus ar chúinsí':

'1. D'fhéadfadh Ballstáit a mheas go bhfuil sé de dhualgas ar an iarratasóir an t-ábhar is gá a thaisceadh le bunús a thabhairt lena iarratas, nó lena hiarratas, ar chosaint idirnáisiúnta a luaithe is féidir. Is faoin mBallstát atá sé measúnú a dhéanamh, i gcomhar leis an iarratasóir sin, ar gach rud a bhaineann le hábhar an iarratais.

[...]

3. Déanfar measúnú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ina aonar agus cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

a) na fíorais ábhartha go léir a bhaineann leis an tír thionscnaimh tráth a dhéantar rialú ar an iarratas, lena n-áirítear dlíthe agus Rialacháin na tíre tionscnaimh agus faoi mar a chuirtear iad i bhfeidhm;

b) an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha arna dtíolacadh ag an iarratasóir, lena n-áirítear faisnéis le fionnadh an ndearnadh nó nach ndearnadh géarleanúint nó díobháil thromchúiseach don iarratasóir nó an bhféadfaí nó nach bhféadfaí á déanamh dó;

c) stádas aonair agus staid phearsanta an iarrthóra, lena n-áirítear tosca amhail a scéal roimhe sin, a inscne, agus a aois le fionnadh, i bhfianaise staid phearsanta an iarrthóra, an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a mheas gurb é atá sna gníomhartha a raibh an t-iarratasóir i mbaol go ndéanfaí dó ná géarleanúint nó díobháil thromchúiseach;

d) maidir leis na gníomhaíochtaí a rinne an t-iarratasóir ó d'fhág sé an tír thionscnaimh, an ndearna an t-iarratasóir iad gan ach aidhm amháin nó mar phríomhaidhm aige na dálaí riachtanacha a chruthú chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, chun a mheasúnú an ndéanfadh na gníomhaíochtaí sin an t-iarratasóir a chur i mbaol géarleanúna nó díobháil thromchúiseach a fhulaingt dá gcuirfí ar ais chuig an tír sin é;

e) an bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go mbainfeadh an t-iarratasóir tairbhe as cosaint tíre eile ina bhféadfadh sé saoránacht a dhearbhú;

[...]'

10 Áirítear Airteagail 9 go 12 de Threoir 2011/95 i gCaibidil III, dar teideal 'Cáilitheacht mar dhídeanaí'. Sainítear in Airteagail 11 agus 12 den Treoir sin, faoi seach, an cás nach bhfuil náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ina dhídeanaí a thuilleadh agus an cás ina ndéantar náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a eisiamh ó stádas dídeanaí.

11 Tá Airteagail 13 agus 14 den Treoir sin i gCaibidil IV di, ar a bhfuil an ceannteideal 'Stádas dídeanaí'.

12 De réir Airteagal 13 den Treoir sin:

'Deonóidh na Ballstáit stádas dídeanaí do náisiúnach tríú tír nó do dhuine gan stát a cháilíonn mar dhídeanaí i gcomhréir le Caibidlí II agus III.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le hAirteagal 14 de Threoir 2011/95, dar teideal 'Stádas dídeanaí a chúlghairm, deireadh a chur le stádas dídeanaí, nó diúltú stádas dídeanaí a athnuachan':

'1. Maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dtaisceadh tar éis theacht i bhfeidhm [Threoir 2004/83], cúlghairfidh na Ballstáit stádas dídeanaí náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát arna dheonú ag comhlacht rialtais, riaracháin, breithiúnach nó garbhreithiúnach má scoir sé de bheith ina dhídeanaí i gcomhréir le hAirteagal 11, nó cuirfidh siad deireadh leis nó diúltóidh siad an stádas sin a athnuachan.

2. Gan dochar don dualgas atá ar an dídeanaí i gcomhréir le hAirteagal 4(1) na fíorais ábhartha uile a nochtadh agus na doiciméid ábhartha uile atá ar fáil dó a sholáthar, déanfaidh an t-údarás cinntitheach a dheonaigh an stádas dídeanaí a léiriú, ar bhonn an duine aonair, nach bhfuil an duine lena mbaineann ina dhídeanaí a thuilleadh, nó nach raibh sé ina dhídeanaí riamh, ar na fáthanna a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

3. Cúlghairfidh na Ballstáit an stádas dídeanaí atá ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, cuirfidh siad deireadh leis an stádas sin nó diúltóidh siad an stádas sin a athnuachan, más rud é, tar éis stádas dídeanaí a dheonú dó nó di, go suífidh an Ballstát lena mbaineann an méid seo a leanas:

a) gur cheart go raibh sé nó sí eisiata ó bheith ina dhídeanaí nó ina dídeanaí, nó go bhfuil sé nó sí eisiata ó bheith ina dhídeanaí nó ina dídeanaí, i gcomhréir le hAirteagal 12;

[...]'

14 I gCaibidil VII de Threoir 2011/95, sainmhínítear 'inneachar na Cosanta Idirnáisiúnta' agus tá Airteagail 20 go 35 den Treoir sin inti. Foráiltear le hAirteagal 29(1) den Treoir sin, dar teideal 'Cosaint shóisialta':

'Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, sa Bhallstát a dheonaigh an chosaint sin, an cúnamh sóisialta is gá de réir mar a chuirtear ar fáil do náisiúnaigh an Bhallstáit sin.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Sonraítear an méid seo a leanas sa dara mír d'Airteagal 36 den Treoir sin:

'Déanfaidh na Ballstáit, i gcuibhreann leis an gCoimisiún Eorpach, gach beart iomchuí chun comhar díreach agus malartú faisnéise a bhunú idir a n-údaráis inniúla.'

Treoir 2013/32

16 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 4, 12, 13 agus 43 de Threoir 2013/32:

'(4) Foráiltear i gConclúidí Tampere gur cheart go n-áireofaí i gComhchóras Eorpach Tearmainn, sa ghearrthéarma, caighdeáin chomhchoiteanna maidir le nósanna imeachta tearmainn córa agus éifeachtúla sna Ballstáit agus, ar bhonn níos fadtéarmaí, rialacha de chuid an Aontais Eorpaigh 'as a dtiocfaidh nós imeachta tearmainn comhchoiteann san Aontas.

[...]

(12) Is é príomhchuspóir na Treorach seo tuilleadh feabhais a chur ar na caighdeáin do nósanna imeachta sna Ballstáit chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar d'fhonn nós imeachta comhchoiteann tearmainn a bhunú san Aontas [.]

(13) Ba cheart go gcuideodh comhfhogasú ar na rialacha maidir leis na nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar chun srian a chur ar ghluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta idir na Ballstáit, i gcás inar dhifríochtaí idir creata dlíthiúla ba chúis leis na gluaiseachtaí sin, agus go gcruthófaí dálaí coibhéiseacha chun Treoir [2011/95] a chur i bhfeidhm sna Ballstáit.

[...]

(43) Ba chóir do na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas gach iarratais, is é sin le rá, a mheas an bhfuil an t-iarratasóir lena mbaineann incháilithe le haghaidh cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Treoir [2011/95], mura luaitear a mhalairt sa Treoir seo, go háirithe i gcás inar féidir glacadh leis go réasúnach go ndéanfadh tír eile an scrúdú sin nó go mbronnfadh sí cosaint leordhóthanach. Go háirithe, níor chóir go mbeadh sé de chúram ar na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil stádas dídeanaí nó cosaint leordhóthanach ar bhealach eile bronnta ar an iarratasóir ag an gcéad tír thearmainn agus go n-athligfear an t-iarratasóir isteach sa tír sin.'

17 Sainmhínítear a hábhar in Airteagal 1 de Threoir 2013/32 mar seo a leanas:

'Is é cuspóir na Treorach seo nósanna imeachta comhchoiteanna a bhunú chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar de bhun Threoir [2011/95].'

18 Foráiltear le hAirteagal 5 de Threoir 2013/32, dar teideal 'Forálacha níos fabhraí':

'Féadfaidh na Ballstáit caighdeáin níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil maidir le nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar, a mhéid atá na caighdeáin sin comhoiriúnach leis an Treoir seo.'

19 Foráiltear le hAirteagal 10(2) agus (3) den Treoir sin:

'2. Agus scrúdú á dhéanamh aige ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, cinnfidh an t-údarás cinntitheach ar dtús an gcáilíonn na hiarratasóirí mar dhídeanaithe agus, mura gcáilíonn, cinnfidh sé an bhfuil na hiarratasóirí incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás cinntitheach cinntí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta tar éis scrúdú iomchuí a dhéanamh. Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

a. go scrúdófar iarratais agus go ndéanfar cinntí go leithleach, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta;

b. go bhfaightear faisnéis chruinn agus cothrom le dáta ó fhoinsí éagsúla, amhail EASO agus [Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)] chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta um chearta an duine, maidir leis an staid ghinearálta i dtíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí agus, i gcás inarb infheidhme, i dtíortha trínar thaistil siad, agus go ndéanfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phearsanra a bheidh freagrach as iarratais a scrúdú agus cinntí a dhéanamh;

c. go mbeidh na caighdeáin ábhartha is infheidhme i réimse an tearmainn agus an dlí um dhídeanaithe ar eolas ag an bpearsanra i mbun iarratais a scrúdú agus cinntí a dhéanamh;

d. go mbeidh an deis ag an bpearsanra i mbun iarratais a scrúdú agus cinntí a dhéanamh comhairle a lorg, aon uair is gá, ó shaineolaithe ar shaincheisteanna ar leith, amhail saincheisteanna leighis, cultúrtha, reiligiúnacha agus saincheisteanna a bhaineann le leanaí nó inscne.'

20 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 33(1) agus (2)(a) den Treoir sin:

‘1. Mar aon leis na cásanna nach scrúdaítear iarratas iontu de réir Rialachán [Uimh. 604/2013], níl sé de cheangal ar na Ballstáit a scrúdú an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha riachtanacha atá ann i gcomhair cosaint idirnáisiúnta de bhun Threoir [2011/95] i gcás ina meastar gur iarratas do-ghlactha atá ann faoin Airteagal sin.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta do-ghlactha ach amháin i gcás inar:

a) bronnadh Ballstát eile cosaint idirnáisiúnta [...]’

21 Cinntear le hAirteagail 44 agus 45 de Threoir 2013/32 na nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar.

22 De réir an dara mír d’Airteagal 49 den Treoir sin:

‘Déanfaidh na Ballstáit, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, gach beart iomchuí chun comhar díreach agus malartú faisnéise a bhunú idir a n-údaráis inniúla.’

Dlí na Gearmáine

23 Airteagal 1(1)(2) den Asylgesetz (AsylG) (an Dlí maidir leis an gceart chun tearmainn) an 26 Meitheamh 1992 (BGBl. 1992 I, lch. 1126), sa leagan a foilsíodh an 2 Meán Fómhair 2008 (BGBl. 2008 I, lch. 1798), arna leasú go deireanach le hAirteagal 9 den Gesetz zur Weiterentwicklung des Ausländerzentralregisters (Dlí maidir le clár lárnach na náisiúnach eachtrach a fhorbairt) an 9 Iúil 2021 (BGBl. 2021 I, lch. 2467) (‘AsylG’), luaitear an méid seo a leanas:

‘(1) Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar:

[...]

2. cosaint idirnáisiúnta faoi Threoir [2011/95].’

24 Foráiltear le hAirteagal 29(1)(2) de AsylG, dar teideal ‘Iarratais dho-ghlactha’:

‘Tá iarratas ar thearmann do-ghlactha más rud é [...]

2. gur dheonaigh Ballstát eile de chuid an Aontais Eorpaigh an chosaint idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(2) cheana féin don náisiúnach eachtrach [...]’

25 Airteagal 60(1) den Gesetz über den Aufenthalt, die Erwerbstätigkeit und die Integration von Ausländern im Bundesgebiet (Aufenthaltsgesetz’ – AufenthG) (Dlí maidir le cónaí, gníomhaíocht cheirde agus lánpháirtiú náisiúnach eachtrach ar chríoch na Cónaidhme), an 30 Iúil 2004 (BGBl. 2004 I, lch. 1950), sa leagan a foilsíodh an 25 Feabhra 2008 (BGBl. 2008 I, lch. 162), arna leasú go deireanach le hAirteagal 4a den Gesetz zur Regelung eines Sofortzuschlages und einer Einmalzahlung in den sozialen Mindestsicherungssystemen sowie zur Änderung des Finanzausgleichsgesetzes und weiterer Gesetze (Dlí lena rialaítear forlíonadh láithreach agus

íocaíocht aonair in íoschórais slándála sóisialta agus lena leasaítear an Dlí maidir le cothromú airgeadais agus dlíthe eile), an 23 Bealtaine 2022 (BGBl. 2022 I, lch. 760), foráiltear an méid seo a leanas:

'De bhun an Choinbhinsiúin maidir le Stádas Dídeanaithe, arna shíniú sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (*Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí*, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)) [agus a tháinig i bhfeidhm an 22 Aibreán 1954] (BGBl. 1953 II, lch. 559), ní fhéadfar náisiúnach eachtrach a dhíbirt chuig teorainn Stáit ina bhfuil a shaol nó a shaoirse i mbaol mar gheall ar a chine, a reiligiún, a náisiúntacht, a bhallraíocht i ngrúpa sóisialta nó a thuairim pholaitiúil. Is amhlaidh atá i gcás tairbhithe den cheart chun tearmainn agus náisiúnaigh eachtracha a aithníodh mar dhídeanaithe i ngníomh nach féidir agóid a dhéanamh ina choinne nó a bhfuil stádas dídeanaithe eachtracha acu ar bhealach eile i gcríoch chónaidhme, nó a aithníodh lasmuigh den chríoch Chónaidhme mar dhídeanaithe eachtracha i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Dídeanaithe. I gcás ina n-agraíonn náisiúnach eachtrach an toirmeasc ar dhíbirt dá dtagraítear sa mhír seo, cinnfidh an Oifig Cónaidhme i nós imeachta tearmainn, ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear sa dara habairt, an bhfuil coinníollacha na chéad abairte á gcomhlíonadh agus an gcaithfear an náisiúnach eachtrach sin a aithint mar dhídeanaí. Ní fhéadfar achomharc a thaisceadh i gcoinne chinneadh na hOifige Cónaidhme ach amháin faoi fhorálacha AsylG.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

26 Deonaíodh stádas dídeanaí ar QY, náisiúnach Siriach, sa Ghréig in 2018.

27 Ar dháta nár sholáthair an chúirt a rinne an tarchur, rinne QY iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Ghearmáin.

28 Le cinneadh críochnaitheach, a luaitear ach nach bhfuil dátaithe san iarraidh ar réamhrialú, chinn an Verwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin, an Ghearmáin) go mbeadh baol tromchúiseach ann go gcaithfí go mídhaonna nó go táireach le QY sa Ghréig, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), agus mar thoradh air sin nach bhféadfadh sí filleadh uirthi.

29 Le cinneadh an 1 Deireadh Fómhair 2019, dhiúltaigh an Oifig Cónaidhme d'iarratas QY ar stádas dídeanaí, ach dheonaigh sí cosaint choimhdeach do QY.

30 Thug QY caingean i gcoinne an chinnidh sin, a dhiúltaigh an Verwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin). Dar leis an gCúirt, bhí an t-iarratas ar stádas dídeanaí gan bhunús, ós rud é nach raibh QY i mbaol géarleanúint sa tSiria.

31 Ina dhiaidh sin, rinne QY achomharc díreach, arna údarú ag an Verwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin), os comhair an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í. Mar thaca leis an achomharc sin, maíonn sí go raibh an Oifig Cónaidhme faoi cheangal ag aitheantas, ag údaráis na Gréige, do stádas dídeanaí.

32 Sonraíonn an chúirt sin gur ceanglaíodh ar an Verwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin) rialú a thabhairt ar shubstaint iarratas QY ar chosaint idirnáisiúnta. Ní fhéadfaí a dhearbhú go bhfuil an iarraidh sin neamh-inghlactha mar gheall ar dheonú an stádais sin roimh ré sa Ghréig, ós rud é go bhfuil baol tromchúiseach ann go dtabharfar íde mhídhaonna nó tháireach do QY, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt, sa Bhallstát sin.

33 Leagann an chúirt a rinne an tarchur béim, de réir an tuillteanais, go bhfuil sé bunaithe nach gcomhlíonann QY na coinníollacha chun a bheith aitheanta mar dhídeanaí. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 60(1) den Dlí maidir le cónaí, gníomhaíocht cheirde agus lánpháirtiú náisiúnach eachtrach ar chríoch na Cónaidhme, arna leasú, is é an t-aon éifeacht dhlíthiúil ag an gcinneadh a rinne údaráis na Gréige stádas dídeanaí a dheonú ná toirmeasc a chur ar an dídeanaí sin filleadh ar teorainneacha an tríú Stát as ar theith sé. Os a choinne sin, faoi dhlí na Gearmáine, ní chruthódh cinneadh den sórt sin aon cheart chun aitheantas nua a fháil do stádas dídeanaí. Ar an gcaoi chéanna, faoi dhlí na Gearmáine, níl aon éifeacht cheangailteach ag an gcinneadh sin chun stádas dídeanaí a dheonú, rud a chiallódh go mbeadh ar údaráis na Gearmáine, ar gá dóibh go heisceachtúil nós imeachta tearmainn a sheoladh arís, an stádas sin a dheonú don duine lena mbaineann tráth an nós imeachta sin.

34 Sna himthosca sin, measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá a chinneadh an gcuirtear cosc le dlí an Aontais Eorpaigh ar an Oifig Cónaidhme ach scrúdú neamhspleách nua a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus an gceanglaítear le dlí an Aontais Eorpaigh go mbeidh an cinneadh lena ndeonaítear stádas dídeanaí a rinneadh i mBallstát eile ina cheangal ar an údarás sin.

35 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, measann an chúirt sin nach féidir le dlí príomha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 78 CFAE, údar a thabhairt le héifeacht den sórt sin. Níl aon phrionsabal ann maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí lena ndeonaítear stádas dídeanaí faoi dhlí príomha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, agus in éagmais stádas aonfhoirmeach cosanta idirnáisiúnta go dtí seo, is faoin mBallstát lenar taisceadh an t-iarratas sin a bheadh sé scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha substainteacha le haghaidh iarratas ar chosaint den sórt sin.

36 De réir na cúirte sin, ní féidir le prionsabal na muiníne frithpháirtí bonn cirt a thabhairt d'aitheantas frithpháirteach na gcinntí sin ach oiread. Thairis sin, briseadh an mhuinín sin sa chás seo, mar gheall ar an mbaol tromchúiseach go bhfágfaí an duine lena mbaineann gan chosaint, sa Bhallstát a thug a cosaint idirnáisiúnta, ar íde mhídhaonna nó tháireach, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt.

37 Ar an dara dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara nach bhforáiltear go sainráite in aon riail de dhlí tánaisteach an Aontais Eorpaigh go bhfuil éifeacht cheangailteach ag aitheantas do stádas dídeanaí ag Ballstát amháin ar an nós imeachta tearmainn i mBallstát eile.

38 É sin ráite, fiafraíonn an chúirt sin an bhféadfadh sé go gciallaítear le prionsabal an scrúdaithe aonair ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 604/2013, nó forálacha an dara habairt d'Airteagal 4(1) agus Airteagal 13 de Threoir Uimh. 2011/95, nach mór stádas dídeanaí arna dheonú ag Ballstát amháin a aithint sna Ballstáit eile go léir gan aon scrúdú breise a dhéanamh.

39 Sa chomhthéacs sin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla, i gcás baol tromchúiseach go sárófar Airteagal 4 den Chairt sa Bhallstát a thug an chosaint idirnáisiúnta, a bhaineann le dul ar iarraidh na rogha do Bhallstát eile, agus iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta os a comhair, a bhaineann le diúltú don iarratas sin toisc é a bheith do-ghlactha faoi Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32. Dar léi, ba cheart don Bhallstát eile sin a mheas gur 'iarratasóir céaduaire' é an t-iarratasóir agus ba cheart don Bhallstát eile sin scrúdú nua a dhéanamh, gan a bheith faoi cheangal ag na breithnithe a leagtar amach sa chinneadh maidir le stádas dídeanaí a dheonú a rinne an chéad Bhallstát roimhe sin.

40 Tugann an chúirt chéanna dá haire, áfach, go bhféadfadh imchéimniú na rialacha speisialta a bhaineann le stádas dídeanaí a scor, a eisiamh agus a chúlghairm, a leagtar síos in Airteagail 11, 12 agus 14 de Threoir 2011/95, a bheith i gceist le cur chuige den sórt sin. Mar sin féin, cuireann sí in iúl, sa chás seo, nach bhfuil aon bhaol ann go dtiocfadh meath ar sheasamh dlíthiúil an duine lena mbaineann, rud nach féidir, in aon chás, a thabhairt ar ais go teorainn a tíre tionscnaimh ós rud é gur dheonaigh an Oifig Cónaidhme cosaint choimhdeach di.

41 Ar an tríú dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur conas ba-cheart mír 42 d'ordú an 13 Samhain 2019, *Hamed agus Omar* (C-540/17 agus C-541/17, EU:C:2019:964) a thuiscint. Go deimhin, d'fhéadfadh an tagairt do nós imeachta tearmainn 'nua' a bheith i bhfabhar scrúdú nua, agus d'fhéadfadh sé go dtabharfaí le tuiscint leis an tagairt do na cearta a bhaineann le stádas dídeanaí go n-aithneofaí an stádas atá deonaithe cheana féin ag Ballstát eile.

42 Sna himthosca sin, chinn an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin Chónaidhme) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais:

'I gcás nach bhféadfaidh Ballstát úsáid a bhaint as an gcumhacht arna tabhairt faoi Airteagal 33(2)(a) de Threoir [2013/32] chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha i bhfianaise an stádais dídeanaí a deonaíodh i mBallstát eile, toisc go bhfuil stádas dídeanaithe deonaithe i mBallstát eile toisc go gcuirfí an t-iarratasóir, mar gheall ar na dálaí maireachtála sa Bhallstát deireanach sin, i mbaol tromchúiseach d'íde atá mídhaonna nó táireach, de réir bhrí Airteagal 4 den [Chairt], an gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 3(1) de Rialachán [Uimh. 604/2013], an dara habairt d'Airteagal 4(1) agus Airteagal 13 de Threoir [2011/95] agus Airteagal 10(2) agus (3) agus Airteagal 33(1) agus (2)(a) de Threoir [2013/32] a léiriú sa chaoi nach féidir le Ballstát, toisc go bhfuil stádas dídeanaithe deonaithe cheana féin, an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta atá curtha faoina bhráid a scrúdú go neamhchlaonta agus go gceanglaítear ar an mBallstát stádas dídeanaithe a dheonú don iarratasóir gan scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha substainteacha a bhaineann leis an gcosaint sin?'

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

43 Áitíonn Éire go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha ar an bhforas go dtagann an léiriú atá á lorg faoi raon feidhme fhoirceadal an 'ghníomh shoiléir'. De réir na hÉireann, mar atá dlí an Aontais Eorpaigh faoi láthair, ní fhoráiltear le haon fhoráil de dhlí an Aontais Eorpaigh go dtabharfaidh na Ballstáit aitheantas frithpháirteach do chinntí lena ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta arna ndéanamh ag Ballstát eile.

44 De réir cásdlí socair, tá toimhde ábharthachta ag ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh arna dtarchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach a bhfuil an chúirt sin freagrach as a shainiú, agus nach faoin gCúirt atá sé a chruinneas a chinneadh. Ní féidir

leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh ar réamhrialú ó chúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Scrúdú* ex officio *ar choinneáil)*, C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Sa chás seo, is léir go ríshoiléir ón iarraidh ar réamhrialú go mbaineann an cheist a tarchuireadh le léiriú na bhforálacha de dhlí an Aontais Eorpaigh atá ábhartha chun críocha na díospóide sna príomhimeachtaí. Tagann an fíoras, a líomhnaíonn Éire, go bhfuil an léiriú atá á lorg mar sin ceangailteach go soiléir faoin bhfreagra substainteach ar an gceist sin agus ní féidir leis, fiú má shuitear é, údar a thabhairt leis an toimhde ábharthachta atá ag an gceist sin a fhrisnéis.

46 In aon chás, ní thoirmisctear ar chúirt náisiúnta ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, agus ní fhágann an freagra sin aon amhras réasúnach. Dá bhrí sin, fiú dá mba amhlaidh an cás, ní éiríonn an iarraidh ar réamhrialú ina bhfuil ceist den sórt sin do-ghlactha (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Márta 2023, *Vapo Atlantic*, C-604/21, EU:C:2023:175, mír 33).

47 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

An cheist a tharchuirtear

48 Lena ceist aonair, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 604/2013, Airteagal 4(1) agus Airteagal 13 de Threoir Uimh. 2011/95 agus míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 10 agus Airteagal 33(1) agus (2)(a) de Threoir 2013/32 a léiriú sa chaoi, i gcás nach féidir le húdarás inniúil Ballstáit an rogha a thairgtear leis an bhforáil dheireanach sin a fheidhmiú chun diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó iarratasóir toisc é a bheith do-ghlactha, ar dheonaigh Ballstát eile cosaint den sórt sin dó cheana féin, mar gheall ar bhaol tromchúiseach go gcuirfí an t-iarratasóir sin, sa Bhallstát eile sin, faoi réir íde mhídhaonna nó tháireach, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt, go gceanglaítear ar an údarás sin aitheantas a thabhairt don stádas dídeanaí sin ar an bhforas amháin gur dheonaigh an Ballstát eile sin an stádas sin dó cheana féin nó más féidir leis scrúdú neamhspleách nua a dhéanamh ar an iarratas sin ar bhonn tuillteanais.

49 Mar réamhphointe, is ceart a choinneáil i gcuimhne, faoi Airteagal 33(1) de Threoir 2013/32, chomh maith le cásanna nach scrúdaítear iarratas de bhun Rialachán Uimh. 604/2013, nach gceanglaítear ar na Ballstáit a fhíorú an gcáilíonn an t-iarratasóir do chosaint idirnáisiúnta de bhun Threoir 2011/95, i gcás ina meastar go bhfuil iarratas do-ghlactha, faoin Airteagal sin. Liostaítear go huileghabhálach in Airteagal 33(2) de Threoir 2013/32 na cásanna ina bhféadfadh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta do-ghlactha (breithiúnais an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 76, agus an 22 Feabhra 2022, *Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides (Aontacht Teaghlaigh – Cosaint a deonaíodh cheana)*, C-483/20, EU:C:2022:103, mír 23).

50 I ndáil leis sin, féachtar le hAirteagal 33(2) de Threoir 2013/32, mar is léir ó aithris 43 den Treoir sin, leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a mhaolú trí na cásanna ina meastar go bhfuil iarratas den sórt sin do-ghlactha a shainiú. Ag féachaint don chuspóir sin, maolaítear leis an bhforáil sin, ina hiomláine, ón oibleagáid sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Bundesrepublik Deutschland (Leanaí dídeanaithe, a rugadh lasmuigh den Stát óstach)*, C-720/20, EU:C:2022:603, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Áirítear ar na cásanna sin an cás, dá bhforáiltear in Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32, inar dheonaigh Ballstát eile cosaint idirnáisiúnta cheana féin. Dá bhrí sin, agus an foras do-ghlacthachta sin á chur i bhfeidhm i gcás den sórt sin, tá na Ballstáit díolmhaithe ón oibleagáid dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides (Aontacht Teaghlaigh – Cosaint a deonaíodh cheana)*, C-483/20, EU:C:2022:103, míreanna 23 agus 24).

52 É sin ráite, chinn an Chúirt, go heisceachtúil, nach féidir le húdaráis Bhallstáit an rogha atá ar fáil dóibh in Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 a fheidhmiú chun iarratas ar stádas dídeanaí a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha ar an bhforas go bhfuil cosaint idirnáisiúnta deonaithe cheana féin don iarratasóir ag Ballstát eile, i gcás inar tháinig siad ar an gconclúid go bhfágfadh na dálaí maireachtála intuartha a bheadh ag an iarratasóir sin mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta sa Bhallstát eile sin é nó í a nochtadh do bhaol tromchúiseach íde mídhaonna nó táirí, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 92; ordú an 13 Samhain 2019, *Hamed agus Omar*, C-540/17 agus C-541/17, EU:C:2019:964, mír 35, agus breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides (Aontacht Teaghlaigh – Cosaint a deonaíodh cheana)*, C-483/20, EU:C:2022:103, míreanna 32 agus 34).

53 Is ionann an rogha atá ar fáil in Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32, i gcomhthéacs an nós imeachta chomhchoitinn tearmainn a bunaíodh leis an Treoir sin, agus léiriú ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí, lena gceadaítear agus lena gceanglaítear ar na Ballstáit a thoimhdiú, i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn, nach bhfuil an chaoi a gcaitear le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i ngach Ballstát i gcomhréir le ceanglais na Cairte, go háirithe Airteagail 1 agus 4 di, lena gcumhdaítear ceann de luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, nach féidir údar a thabhairt leis an toimhde sin ná le feidhmiú na cumhachta sin i gcás ina suitear, i ndáiríre, nach amhlaidh an cás i mBallstát ar leith (breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, míreanna 83 go 86, agus ordú an 13 Samhain 2019, *Hamed agus Omar*, C-540/17 agus C-541/17, EU:C:2019:964, mír 41).

54 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach mór do na heasnaimh dá dtagraítear i mír 52 den bhreithiúnas seo tairseach thromchúise thar a bheith ard a bhaint amach, atá ag brath ar fhíorais uile an cháis (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, míreanna 89 go 91).

55 I bhfianaise an chásdlí sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcás nach féidir le húdarás Ballstáit a dhearbhú go bhfuil sé do-ghlactha, de bhun Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a tugadh os a comhair, an bhféadfaidh sí measúnú a dhéanamh ansin ar fhiúntas an iarratais sin ar chosaint idirnáisiúnta, gan a bheith faoi cheangal ag an bhfíoras gur dheonaigh Ballstát eile cosaint den sórt sin don iarratasóir cheana féin.

56 Chun an cheist a tarchuireadh a fhreagairt, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil oibleagáid shainráite i ndlí an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint idirnáisiúnta, mar atá sé faoi láthair, ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt go huathoibríoch do chinntí lena ndeonaítear stádas dídeanaí arna nglacadh ag Ballstát eile.

57 I ndáil leis sin, is ceart a choinneáil i gcuimhne, faoi Airteagal 78(1) CFAE, go bhfuil sé beartaithe leis an gcomhbheartas atá á fhorbairt ag an Aontas Eorpach maidir le tearmann stádas iomchuí a thairiscint d'aon náisiúnach tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth air agus chun comhlíonadh phrionsabal an *non-refoulement* a áirithiú. Liostaítear na gnéithe éagsúla den Chomhchóras Eorpach Tearmainn i bpointí (a) go (g) d'Airteagal 78(2), CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2017, *an tSlóvaic agus an Ungáir* v *an Chomhairle*, C-643/15 agus C-647/15, EU:C:2017:631, mír 75).

58 Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 78(2)(a) CFAE go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh bearta a bhaineann le comhchóras Eorpach tearmainn lena gcuimsítear 'stádas aonfhoirmeach tearmainn do náisiúnaigh tríú tíortha, a bheidh bailí ar fud an Aontais Eorpaigh'.

59 Cé go dtugtar leis an bhforáil sin, dá bhrí sin, bunús dlí chun gníomhartha an Aontais Eorpaigh a bhfuil stádas aonfhoirmeach den sórt sin acu a ghlacadh ag reachtas an Aontais Eorpaigh, is amhlaidh fós, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 48 dá Tuairim, go bhfuil gá le hidirghabháil reachtas an Aontais Eorpaigh chun substaint nithiúil a thabhairt do na cearta go léir a bhaineann leis an stádas sin, arna ndeonú ag Ballstát agus arna n-aithint ag na Ballstáit eile go léir, atá bailí ar fud an Aontais Eorpaigh.

60 I ndáil leis sin, is léir ó na haithrisí sa bhrollach a ghabhann leis na gníomhartha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 78(2) CFAE, agus go háirithe ó aithris 6 de Rialachán Uimh. 604/2013 ó aithrisí 7 agus 9 go 11 de Threoir 2011/95, agus ó aithrisí 4 agus 12 de Threoir 2013/32, go bhfuil sé beartaithe ag reachtas an Aontais Eorpaigh an Comhchóras Eorpach Tearmainn a chruthú de réir a chéile, i gcéimeanna comhleanúnacha, ar cheart nós imeachta comhchoiteann agus stádas aonfhoirmeach dídeanaí a bheith mar thoradh air ar deireadh, a bheidh bailí ar fud an Aontais Eorpaigh.

61 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, féachtar le Treoir 2011/95, arna glacadh ar bhonn Airteagal 78(2)(a) agus (b) CFAE, mar is léir ó Airteagal 1 di, arna léamh i bhfianaise aithris 12 di, *inter alia*, a áirithiú go gcuireann na Ballstáit uile critéir choiteanna i bhfeidhm chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i ndáiríre a shainaithint (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *Ahmed*, C-369/17, EU:C:2018:713, mír 37).

62 Maidir le, go háirithe, forálacha na Treorach sin a luaigh an chúirt a rinne an tarchur, bunaítear le hAirteagal 4 di critéir choiteanna den sórt sin maidir le measúnú a dhéanamh ar na fíorais agus na himthosca i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, trína shonrú, sa dara habairt den chéad mhír di, gur faoin mBallstát atá sé measúnú a dhéanamh, i gcomhar leis an iarratasóir, ar ghnéithe ábhartha an iarratais. Ceanglaítear le hAirteagal 13 den Treoir sin ar na Ballstáit stádas dídeanaí a dheonú d'aon náisiúnach tríú tír nó d'aon duine gan stát a cháilíonn mar dhídeanaí i gcomhréir le Caibidlí II agus III den Treoir sin.

63 Mar sin féin, ní cheanglaítear leis na forálacha sin ná le haon fhoráil eile de Threoir 2011/95 ar na Ballstáit cinntí lena ndeonaítear stádas dídeanaí arna nglacadh ag Ballstát eile a aithint go huathoibríoch. Os a choinne sin, le forálacha áirithe den Treoir sin, amhail Airteagal 29(1) di, a bhaineann le cosaint shóisialta, teorannaítear cearta áirithe maidir le stádas dídeanaí don Bhallstát a dheonaigh an stádas sin.

64 Ina dhiaidh sin, de réir Airteagal 1 de Threoir 2013/32, arna glacadh ar bhonn Airteagal 78(2)(d) CFAE, ‘tá sé beartaithe nósanna imeachta comhchoiteanna a bhunú chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar de bhun Threoir [2011/95]’.

65 Leagtar síos in Airteagal 10 de Threoir 2013/32, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, na coinníollacha chun iarratais ar chosaint den sórt sin a scrúdú agus ceanglaítear leis, i mír 2 di, go gcinnfidh an t-údarás freagrach ar dtús an gcáilíonn an t-iarratasóir do stádas dídeanaí agus, murab amhlaidh an cás, go gcinnfidh sé an gcáilíonn an t-iarratasóir do chosaint choimhdeach. I gcomhréir le hAirteagal 10(3), ní mór don údarás sin a chinneadh a dhéanamh tar éis scrúdú iomchuí agus na coinníollacha a leagtar amach san fhoráil sin a chomhlíonadh. Os a choinne sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 10 ná le hAirteagal 33(1) agus (2)(a) de Threoir 2013/32, ar meabhraíodh a n-ábhar i míreanna go 49 den bhreithiúnas seo, ar an údarás sin cinntí lena ndeonaítear stádas dídeanaí arna nglacadh ag Ballstát eile a aithint go huathoibríoch.

66 Ar deireadh, is é is cuspóir do Rialachán Uimh. 604/2013, bunaithe ar Airteagal 78(2)(e) CFAE, critéir agus sásraí a bhunú, de bhun Airteagal 1 de, lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát.

67 Cé, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) den Rialachán sin, go bhfuil iarratas ar thearmann arna thaisceadh ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát ar chríoch aon cheann de na Ballstáit á scrúdú, i bprionsabal, ag an mBallstát amháin atá freagrach as na critéir a leagtar amach i gCaibidil III den Rialachán sin (breithiúnas an 16 Feabhra 2017, *C.K agus páirtithe eile*, C-578/16 PPU, EU:C:2017:127, mír 56), ní leanann sé, in éagmais aon fhoráil chuige sin, nach mór do na Ballstáit eile an cinneadh arna ghlacadh ag an mBallstát arna ainmniú amhlaidh a aithint go huathoibríoch.

68 Leanann sé ó na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 57 go 67 den bhreithiúnas seo, mar atá an Comhchóras Eorpach Tearmainn faoi láthair, nár chuir reachtas an Aontais Eorpaigh in iúl go hiomlán fós an cuspóir a bhféachtar le hAirteagal 78(2)(a) CFAE a bhaint amach, eadhon stádas aonfhoirmeach tearmainn do náisiúnaigh tríú tír, atá bailí ar fud an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, ní dhearna reachtas an Aontais Eorpaigh, ag an gcéim seo, prionsabal a leagan síos ar dá réir a cheanglaítear ar na Ballstáit cinntí lena ndeonaítear stádas dídeanaí arna nglacadh ag Ballstát eile a aithint go huathoibríoch, ná níor shonraigh sé na rialacha mionsonraithe maidir le prionsabal den sórt sin a chur chun feidhme.

69 Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit, mar atá dlí an Aontais Eorpaigh faoi láthair, aitheantas na gceart uile a bhaineann le stádas dídeanaí ar a gcríoch a chur faoi réir cinneadh nua lena ndeonaítear an stádas sin a bheith glactha ag a n-údaráis inniúla, is fúthu atá sé foráil a dhéanamh maidir le haitheantas uathoibríoch do chinntí den sórt sin arna nglacadh ag Ballstát eile mar fhoráil níos fabhraí, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2011/95 agus Airteagal 5 de Threoir 2013/32. Is cúis choitianta é nár fheidhmigh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine an chumhacht sin.

70 Sna himthosca sin, is gá a chinneadh, ar an dara dul síos, raon feidhme an scrúdaithe a dhéanfaidh údarás inniúil Ballstáit ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó iarratasóir ar dheonaigh Ballstát eile stádas dídeanaí dó cheana féin.

71 I ndáil leis sin, is ceart a choinneáil i gcuimhne, mar a tugadh faoi deara i mír 62 den bhreithiúnas seo, faoi Airteagal 13 de Threoir 2011/95, go ndeonóidh na Ballstáit stádas dídeanaí d'aon náisiúnach tríú tír nó d'aon duine gan stát a cháilíonn mar dhídeanaí i gcomhréir le Caibidlí II agus III den Treoir sin, gan aon lánrogha a bheith acu ina leith sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Meitheamh 2015, *T.*, C-373/13, EU:C:2015:413, mír 63; an 14 Bealtaine 2019, *M agus páirtithe eile (Stádas dídeanaí a chúlghairm)*, C-391/16, C-77/17 agus C-78/17, EU:C:2019:403, mír 89, agus an 16 Eanáir 2024, *Intervyuirasht organ na DAB pri MS (Mná is íospartaigh foréigin teaghlaigh)*, C-621/21, EU:C:2024:47, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear). Os a choinne sin, cé is moite den fhéidearthacht rialacha náisiúnta níos fabhraí a chur i bhfeidhm, dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Threoir 2011/95, ní dhéantar foráil sa Treoir sin maidir le stádas dídeanaí a dheonú do náisiúnaigh tríú tír nó do dhaoine gan stát seachas iad siúd a chomhlíonann na coinníollacha sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Meán Fómhair 2018, *Ahmed*, C-369/17, EU:C:2018:713, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 9 Samhain 2021, *Bundesrepublik Deutschland (Aontacht Teaghlaigh a Chaomhnú)*, C-91/20, EU:C:2021:898, míreanna 39 agus 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Chun a chinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha sin, ní mór do na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Threoir 2011/95, measúnú aonair a dhéanamh ar gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ag cur san áireamh, go háirithe, na fíorais ábhartha go léir a bhaineann le tír thionscnaimh an duine lena mbaineann tráth a dhéantar cinneadh maidir leis an iarratas, an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha arna dtíolacadh ag an duine sin agus stádas aonair agus imthosca pearsanta an duine sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Eanáir 2018, *F*, C-473/16, EU:C:2018:36, mír 41, agus an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 98).

73 Chuige sin, leanann sé, go bunúsach, as Airteagal 10(3) de Threoir 2013/32 nach mór iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú ina n-aonar, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta i bhfianaise faisnéis bheacht atá cothrom le dáta.

74 Dá bhrí sin, i gcás, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 52 den bhreithiúnas seo, nach féidir le húdarás inniúil Ballstáit a dhearbhú go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh leis do-ghlactha, de bhun Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32, ní mór don údarás sin scrúdú aonair, iomlán agus cothrom le dáta a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le stádas dídeanaí a dheonú.

75 Má cháilíonn an t-iarratasóir mar dhídeanaí i gcomhréir le Caibidlí II agus III de Threoir 2011/95, ní mór don údarás sin stádas dídeanaí a dheonú dó nó di gan rogha.

76 I ndáil leis sin, cé nach gceanglaítear ar an údarás céanna stádas dídeanaí an iarratasóra sin a aithint ar an bhforas amháin gur deonaíodh an stádas sin don iarratasóir roimhe sin le cinneadh ó Bhallstát eile, ní mór dó, mar sin féin, an cinneadh sin agus na heilimintí a thacaíonn leis a chur san áireamh go hiomlán.

77 Tá an Comhchóras Eorpach Tearmainn, lena n-áirítear critéir choiteanna chun daoine a shainaithint a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i ndáiríre, mar a luaitear in aithris 12 de Threoir 2011/95, bunaithe ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí, ar dá réir nach mór a

thoimhdiú, ach amháin in imthosca eisceachtúla, go gcomhlíonann an chaoi a gcaitear le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i ngach Ballstát ceanglais dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear ceanglais na Cairte, an Choinbhinsiúin maidir le Stádas Dídeanaithe agus an Choinbhinsiúin Eorpaigh chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2011, *N.S. agus páirtithe eile*, C-411/10 agus C-493/10, EU:C:2011:865, míreanna 78 go 80, agus an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, míreanna 84 agus 85).

78 Thairis sin, ag féachaint do phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) CAE, ar dá réir a thabharfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit cúnamh dá chéile, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, chun cúraimí a eascraíonn as na Conarthaí a chur i gcrích (breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2016, *Petruhhin*, C-182/15 EU:C:2016:630, mír 42), agus a dtugtar léiriú sonrach dó in Airteagal 36 de Threoir 2011/95 agus in Airteagal 49 de Threoir 2013/32, agus chun a áirithiú, a mhéid is féidir, ós rud é go bhfuil na cinntí a rinne údaráis inniúla dhá Bhallstát maidir leis an ngá atá le cosaint idirnáisiúnta don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát céanna comhsheasmhach, ní mór d'údarás inniúil an Bhallstáit a n-iarrtar air cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas nua tús a chur, a luaithe is féidir, le malartú faisnéise le húdarás inniúil an Bhallstáit a dheonaigh stádas dídeanaí roimhe sin don iarratasóir céanna. I ndáil leis sin, is faoin gcéad cheann de na húdaráis sin atá sé an dara ceann den iarraidh nua a chur ar an eolas, a thuairim a sheoladh chuige maidir leis an iarratas nua sin agus a iarraidh go dtarchuirfeadh sé, laistigh de thréimhse réasúnta ama, an fhaisnéis a bhí ina sheilbh agus as ar eascair deonú an stádais sin.

79 Tá sé beartaithe go gcuirfidh an malartú faisnéise sin ar chumas údarás an Bhallstáit ar cuireadh an t-iarratas nua sin faoina bhráid na seiceálacha nach mór dó a dhéanamh i gcomhthéacs an nós imeachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a dhéanamh ar bhealach atá go hiomlán feasach.

80 I bhfianaise na gcúiseanna go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 604/2013, Airteagal 4(1) agus Airteagal 13 de Threoir 2011/95 agus míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 10 agus Airteagal 33(1) agus (2)(a) de Threoir 2013/32 a léiriú sa chaoi, i gcás nach féidir le húdarás inniúil Ballstáit an rogha a fheidhmiú a thugtar leis an bhforáil dheireanach sin maidir le diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó iarratasóir toisc é a bheith do-ghlactha, ar dheonaigh Ballstát eile cosaint den sórt sin dó cheana féin, mar gheall ar bhaol tromchúiseach go gcuirfí íde mhídhaonna nó tháireach ar an iarratasóir sin sa Bhallstát eile sin, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt, nach mór don údarás sin scrúdú aonair nua, iomlán agus nuashonraithe a dhéanamh ar an iarratas sin le linn nós imeachta nua um chosaint idirnáisiúnta a rinneadh i gcomhréir le Treoracha 2011/95 agus 2013/32. I gcomhthéacs an scrúdaithe sin, ní mór don údarás sin, mar sin féin, cinneadh an Bhallstáit eile sin cosaint idirnáisiúnta a dheonú don iarratasóir sin agus na heilimintí a thacaíonn leis an gcinneadh sin a chur san áireamh go hiomlán.

Costais

81 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, Airteagal 4(1) agus Airteagal 13 de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, agus Airteagal 10(2) agus (3) agus Airteagal 33(1) agus (2)(a) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás nach féidir le húdarás inniúil Ballstáit an rogha a fheidhmiú a thugtar leis an bhforáil dheireanach sin lena ndiúltaítear d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó iarratasóir toisc é a bheith do-ghlactha, ar dheonaigh Ballstát eile cosaint den sórt sin dó cheana, mar gheall ar bhaol tromchúiseach go gcuirfí íde mhídhaonna nó tháireach ar an iarratasóir sin, sa Bhallstát eile sin, de réir bhrí Airteagal 4 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór don údarás sin scrúdú aonair nua, iomlán agus nuashonraithe a dhéanamh ar an iarratas sin le linn nós imeachta nua um chosaint idirnáisiúnta arna sheoladh i gcomhréir le Treoracha 2011/95 agus 2013/32. I gcomhthéacs an scrúdaithe sin, ní mór don údarás sin, mar sin féin, cinneadh an Bhallstáit eile sin cosaint idirnáisiúnta a dheonú don iarratasóir sin agus na heilimintí a thacaíonn leis an gcinneadh sin a chur san áireamh go hiomlán.

Sínithe